GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH

COMHAIRLIÚCHÁN AR DHRÉACHT-RIALACHÁIN OIDEACHAIS (PLEANANNA FORBARTHA SCOILE) 2010

FREAGRA AR CHOMHAIRLIÚCHÁN

Ainm:_____

Eagraíocht:_____

Uimh. Thagartha Scoile: _____ **(más infheidhmithe)**

Uimh. Theagmhála Theileafóin:_____

Tuilleadh Eolais

Má tá ceist agat a bhaineann le hábhar an chomhairliúcháin ó thaobh beartais de is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis An Fhoireann um Chaighdeáin agus Fheabhsuithe ar na dóigheanna seo a leanas:

Ríomhphost: standardsandimprovementteam@deni.gov.uk
Teileafón: 028 9127 9415
Facs: 028 9127 9100

Más mian leat freagra a thabhairt ar an chomhairliúchán seo, comhlánaigh an doiciméad freagartha seo a leanas, nó, íoslódáil cóip ó **www.deni.gov.uk.** Cé gurbh fhearr linn freagraí i bhfoirm ríomhphoist, curtha ar aghaidh chuig standardsandimprovementteam@deni.gov.uk, is féidir freagraí scríofa a chur chugainn fosta ag:

An Fhoireann um Chaighdeáin agus Fheabhsuithe
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
42 Bóthar Balloo
Beannchar
Co. an Dúin
BT19 7PR

Tabhair faoi deara le do thoil nach mór gach freagra ar an chomhairliúchán a fháil faoin 26^{ú} de mhí Mhárta 2010

An tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI)

Mar gheall ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, tá ceart rochtana ag an phobal ar fhaisnéis ar bith atá i seilbh na Roinne, lena n-áirítear faisnéis a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar chomhairliúchán. Dá mb'fhearr leat go gcaithfí le do fhreagra mar fhaisnéis rúnda, scríobh chugainn le do thoil agus tabhair mínigh go soiléir do chuid fáthanna. Glacfaimid d'iarratas san áireamh má iarratar orainn faisnéis a nochtadh faoi fhreagraí ach ní féidir linn barántas a thabhairt maidir le rúndacht. Caithfimid,

áfach, le faisnéis phearsanta ar bith a thugann tú dúinn go cuí agus de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 1998.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi rúndacht na bhfreagraí déan teagmháil le do thoil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise ar 028 9026 9380 nó cuir ríomhphost chuig ni@ico.gsi.gov.uk.

Comhairliúchán ar dhréacht-Rialacháin Oideachais (Pleananna Forbartha Scoileanna) 2010

Réamhrá

Tá an Roinn Oideachais i mbun comhairliúcháin ar rialacháin leasaithe a leagann amach na riachtanais phleanála le haghaidh forbairt scoile.

Cúlra

De réir Airteagal 13(3) den Ordú Oideachais 1998 tá dualgas ar Bhoird Ghobharnóirí, tríd an scéim bainistíochta, plean forbartha scoile a ullmhú agus a leasú ó am go chéile. Nuair a bhítear á dhéanamh sin, iarrtar ar Bhoird Ghobharnóirí dul i gcomhairle leis an phríomhoide agus amharc ar threoir ar bith atá tugtha ag an Roinn, ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne, agus, i gcás na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil, CCMS, chomh maith le hamharc ar thorthaí ar bith ó chigireachtaí.

De réir Airteagal 13(3), chuir an Roinn rialacháin le chéile roimhe seo ag leagan amach an ábhair ba chóir a bheith san áireamh i bplean forbartha scoile, tréimhse an phlean, na socruithe leis an plean a fhoilsiú agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar an phlean. Tá na rialacháin le haghaidh na pleanála forbartha scoile i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2005. Bhí sé mar aidhm ag na rialacháin comhsheasmhacht a chur le hábhar na bpleananna forbartha scoile agus le creat a sholáthar do scoileanna le monatóireacht, measúnacht agus feabhas a chur ar nádúr a bhforálacha curaclaim agus eile agus ar na caighdeáin a bhaineann a gcuid daltaí amach.

Gach Scoil ina Scoil Mhaith - polasaí le scoil a fheabhsú

D'fhoilsigh an Roinn Gach Scoil ina Scoil Mhaith - Polasaí le haghaidh Feabhsú Scoileanna ar an 30ú Aibreán 2009. Tá féinmheasúnacht a chruthaíonn féinfheabhsú inbhuanaithe ag croí an pholasaí nua um fheabhsú scoileanna. Ba chóir go dtabharfadh scoileanna faoi phróiseas dian agus machnamhach, foirmithe ag úsáid éifeachtach feidhmíochta agus sonraí eile, leis na gnéithe sin de shaol na scoile a n-éiríonn leo nó atá sármhaith agus na cinn sin ar a bhfuil feabhas de dhíth.

Ba chóir go mbeadh féinmheasúnacht mar chuid lárnach den phróiseas pleanála forbartha scoile. Ba chóir go mbeadh plean forbartha scoile mar phointe fócasach dá straitéisí le féinfheabhsú a thabhairt chun tosaigh. Ba chóir gur doiciméad beo é, a leagann amach tosaíochtaí na scoile agus a thugann le chéile na príomhbhearta a bhfuil sí ag tabhairt fúthu le caighdeáin a ardú, na torthaí atá beartaithe agus na hacmhainní atá tiomanta leis na bearta seo a bhaint amach.
Ar ndóigh, baineann feabhsú le níos mó ná plean scríofa amháin. De réir mar a chuirimid polasaí le haghaidh feabhsú scoile le chéile, ní mór dúinn cultúr na féinmheasúnachta agus an fhéinfheabhsaithe a dhaingniú i ngach scoil agus cinnte a dhéanamh de go mbíonn an tacaíocht atá de dhíth orthu ag scoileanna, ón Roinn agus ESA, leis an fheabhsú sin a phleanáil agus a thabhairt chun críche.

Athbhreithniú ar na Rialacháin Phleanála Forbartha Scoile
I bpolasaí feabhsaithe na scoile tá tiomantas ón Roinn ann athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le pleanáil forbartha scoile agus leis an ábhar tacúil treorach a nuashonrú. I dteannta le Gach Scoil ina Scoil Mhaith, thug an t-athbhreithniú ar na rialacháin an fhianaise seo a leanas agus forbairtí polasaithe san áireamh:

Fianaise
Tuarascáil an Phríomhchigire 2006-2008, ina sainíodh an gá le húsáid níos éifeachtaí pleananna forbartha scoile le teagasc agus foghlaim a fheabhsú agus le caighdeáin a ardú i mbunscoileanna.

Measúnacht ETI ar Phleanáil Forbartha Scoileanna 2007-2008, inar aimsíodh go gcuireann pleanáil éifeachtach le haghaidh forbartha leis an fhoireann a spreagadh ar bhealach dearfach, go gcuireann sé le caighdeán na foghlama agus an teagaisc agus leis na caighdeáin a bhaineann foghlaimeoirí amach. Aimsíodh, áfach, san ETI éagsúlacht idir scoileanna maidir lena gcomhlíonadh leis na rialacháin.
Sainaithníodh sa tuarascáil na réimsí seo a leanas ar a bhféadfaí feabhas a chur i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna:

- ról níos idirghníomhaí le haghaidh gobharnóirí;
- monatóireacht agus measúnacht fheabhsaithe, ag an phríomhoide, ag an fhoireann ceannaireachta agus ag an fhoireann;

- socruithe níos fearr comhairliúcháin le daltaí agus tuismitheoirí;
- fócas níos láidre ar thorthaí teagaisc agus foghlama agus gnóthachtáil na ndaltaí;
- beartú feabhsaithe spriocanna sa litearthacht agus san uimhearthacht; agus
- tosaíocht a dhéanamh de réimsí feabhsaithe thar thréimhse thrí bliana an phlean.

Leag an tuarascáil amach fosta moltaí do scoileanna, do na Boird Oideachais agus Leabharlainne/ESE agus don Roinn agus tá obair faoi lán seoil lena chinntiú go dteitear i ngleic leo.

Tuairiscíonn na moltaí atá san Oifig Iniúchóireachta agus sa PAC ar **Bhainistíocht Áitiúil Scoileanna,** lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí costasacha a nascadh le feabhsú i dtorthaí oideachais tríd an SDP.

Polasaithe

- Gach Scoil ina Scoil Mhaith: an Bealach chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú'.
- 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith - Ag Tacú le Daltaí ó Thíortha Eile'.
- An Táscfhórsa ar Oideachas don Lucht Taistil.
- An Clár um Shláinte agus Fholláine Daltaí
- An tAthbhreithniú ar an Straitéis TFC.
- An Nós Imeachta Ar Thinreamh Oidí ar aontaíodh air, a chuireann dualgas ar Ghobharnóirí monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar thinreamh oidí agus le sláinte agus folláine na foirne a chur chun cinn (TNC 2008/2).

Sa mhullach air sin, glacann an t-athbhreithniú san áireamh tiomantas na Roinne, chuid den **Straitéis Forbartha Inbhuanaithe**[1] le cur chun cinn na Forbartha Inbhuanaithe a ionchorprú i bpleananna forbartha scoile. Áirítear le gníomhaíochtaí breise ionchorprú Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (ESD) sa churaclam athbhreithnithe agus cur chun cinn úsáid na Treorach Dea-Chleachtais um Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe.[2] Mínítear sa Straitéis go bhfuil sé tábhachtach go ndéanann an t-aos óg, saoránaigh na todhchaí, na scileanna, an fhaisnéis agus na tuairimí agus an t-iompar a fhorbairt atá de dhíth le maireachtáil ar

[1] http://www.ofmdfmni.gov.uk/sustain-develop.pdf
[2] Treoir ar fáil trí http://www.neelb.org.uk/teachers/cass/environment-and-society/esd/ or http://selbclounagh.org/index.php?option=com_content&view=article&id=258&Itemid=489

bhealach níos inbhuanaithe tríd an oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bheidh acu. Is féidir le scoileanna chomh maith eiseamláir den fhorbairt inbhuanaithe i bhfeidhm a thabhairt, m.sh tríd na heispéiris fhoghlama a chuireann siad ar fáil sa seomra ranga agus taobh amuigh de, tríd na naisc atá acu leis an phobal, trí scoileanna a chuireann sláinte chun cinn, trí nósanna imeachta soláthair, tríd an fhoirgneamh agus tríd an chomhshaol, lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola, éifeachtacht fuinnimh, srl.

Athbhreithniú ar na Treoracha Pleanála Forbartha Scoile

Cinnteoidh an Roinn go dtacófar le scoileanna nuair a bhíonn siad i mbun pleanála le haghaidh forbartha agus cuirfidh sí amach **ábhar athbhreithnithe treorach** ar fhéinmheasúnacht agus ar phleanáil forbartha go luath in 2010. Glacfaidh an treoir san áireamh polasaí feabhsaithe na scoile agus na leasuithe ar rialacháin an SDP, m.sh ag soláthar comhairle faoi mar a d'fhéadfadh le scoileanna gnéithe nua a chur chun cinn ar nós Forbairt Inbhuanaithe. Beidh sé mar aidhm aige an próiseas a dhéanamh níos úsáidchúntaí agus níos éadroime do scoileanna. Baineann scoileanna áirithe úsáid as samhlacha ar nós Investors in People (IiP) agus Fondúireacht na hEorpa le haghaidh Báinistíocht Cháilíochta (EFQM) le tacú lena bhféinmheasúnacht agus lena bpleanáil forbartha. Cuirfidh an treoir mar sin solúbthacht ar fáil do scoileanna i gcur chuige agus in ábhar agus i leagan amach a SDP.

Na riachtanais phleanála forbartha scoile

Rinne an Roinn athbhreithniú ar na rialacháin leis na ceisteanna luaite thuas a chur san áireamh. Is é an aidhm fhoriomlán chun pleanáil éifeachtach forbartha a chur chun cinn agus feabhsú a chur chun cinn ar chaighdeáin. Ba mhaith linn a chinntiú go:

- go mbíonn fócas na pleanála forbartha scoile ar chaighdeáin a ardú;
- go dtacaíonn pleanáil le haghaidh úsáid éifeachtach ár n-acmhainní airgeadais agus eile leis an phleanáil le haghaidh forbartha; agus
- gur féidir an próiseas féinmheasúnachta agus pleanála le haghaidh forbartha a bhainistiú agus go gcuireann sé solúbthacht ar fáil do scoileanna a gcuid tosaíochtaí féin a chinntiú.

Tá príomhfhorálacha na rialachán beagnach mar a bhí roimhe ach ní mór athruithe tábhachtacha a dhéanamh ar an Sceideal, a leagann amach na ceisteanna atá le plé i bpleanáil forbartha scoile. Tá siad seo léirithe thíos, sna ceisteanna le haghaidh comhairliúchain agus sna dréacht-rialacháin athbhreithnithe.

Cad é nár tháinig athrú air, a bheag nó a mhór?

Dáta Éifeachtach:

Leagann na rialacháin amach na riachtanais maidir le hullmhú pleananna forbartha scoile. Bainfidh na rialacháin le pleananna forbartha scoile atá á n-ullmhú i ndiaidh 1Lúnasa 2010. Is féidir le scoileanna leanúint de phleananna a úsáid de réir rialachán a bhíodh ann roimhe (2005), ionas nach mbeidh orthu athruithe a chur i bhfeidhm láithreach mar gheall ar na rialacháin seo. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcomhlíonann siad leis na rialacháin nua (2010) nuair a bhíonn siad ag déanamh athbhreithnithe ar a SDPanna.

Tréimhse Ama clúdaithe ag SDP

Leanfaidh Pleananna Forbartha Scoile de thréimhse trí bliana a chlúdach. Tá sé de dhualgas ar Ghobharnóirí go fóill an athbhreithniú a dhéanamh ar an phlean forbartha scoile i ndiaidh 3 bliana nó, i ndiaidh cigireacht scoile, nach moille ná 6 mhí i ndiaidh fhoilseachán na tuarascála cigireachta.

Foilsiú SDPanna

Níor tháinig athrú ar na socruithe maidir le pleananna forbartha scoile a fhoilsiú agus déanfar iad a leasú nuair a bhíonn an Bille Oideachais mar dhlí agus éileofar ar scoileanna cóip den phlean s'acu a chur ar fáil don Údarás Oideachais agus Scileanna (ESA), ar an ábhar go gcomhchuimseoidh sé an fheidhm seo ó na Boird Oideachais agus Leabharlainne agus ó Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha Faoi Chothabháil.

Sceideal

Ní mór do scoileanna díriú ar a n-éiteas agus é a mheas. Ba chóir go mbeadh éiteas na scoile ag gach duine a bhaineann leis an scoil agus ba chóir go dtiocfadh sí fríd i ngach gné de shaol na scoile, ón churaclam go tréadchúram. Tá ról tábhachtach ag ceannairí scoile agus éiteas na scoile a fhoirmiú agus léiríonn fianaise an tábhacht a

bhaineann le héiteas láidir, agus le cultúr dearfach tuisceanach agus ionchais arda maidir le torthaí daltaí.

Tá dualgas go fóill ar scoileanna tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna atá rompu, ar nós déimeagrafaíochta atá ag athrú nó cosúil leis an churaclam nua a tugadh isteach agus, in earnáil na hiarbhunscoile, An Chreat Teidlíochta, chun tairiscint leathan chothrom agus shoiléir a chinntiú.

Cá bhfuil na príomhathruithe?

Tréimhse Ama clúdaithe ag SDP

Tá sé molta go mbeidh dualgas ar ghobharnóirí anois monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an phlean gach bliain agus leis an plean a nuashonrú mar is cuí.

Sceideal

Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an Sceideal, a leagann amach na ceisteanna nach mór tabhairt fúthu i bpleananna forbartha scoile:

- Tá breisiúcháin leis na straitéisí nach mór do scoileanna a chur i bhfeidhm. Beidh sé de dhualgas ar scoileanna anois straitéisí a chur i bhfeidhm le haghaidh foghlama, teagaisc agus le caighdeáin a ardú, go háirithe sa litearthacht (cumarsáid) agus uimhearthacht (trí mhata a úsáid); le Forbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn i ngach réimse de shaol na scoile; le sláinte, folláine, tinreamh, dea-iompar agus disciplín daltaí a chur chun cinn; chun tinreamh, sláinte agus folláine na foirne a chun cinn; agus le TFC a úsáid níos éifeachtaí.

- Leanfaidh scoileanna de mheasúnacht a dhéanamh ar nádúr, ar chaighdeán agus éifeachtacht a forála, trí thagairt a dhéanamh d'fheidhmíocht agus do shonraí eile. Rinneadh athbhreithniú ar na réimsí forála a bhfuil sé de dhualgas ar scoileanna amharc orthu le go léireodh siad na réimsí tosaíochta atá leagtha amach in "Gach Scoil ina Scoil Mhaith - polasaí le haghaidh feabhsú scoile'.[3] Titfidh sé ar scoileanna, ar bhonn féinmheasúnachta agus comhairliúcháin le daltaí, tuismitheoirí, foireann agus daoine nó eagraíochtaí eile ábhartha, titfidh sé orthu cinneadh a dhéanamh faoina dtosaíochtaí féin sna réimsí seo a leanas:

[3] http://www.deni.gov.uk/esags_policy_for_school_improvement_-_final_version_05-05-2009.pdf

- **Soláthar le tabhairt faoi riachtanais phearsanta, mhothúchánacha, shóisialta, oideachasúla nó eile na ndaltaí.** Léiríonn sé seo an tosaíocht soláthair a bhaineann leis an dalta agus a théann i ngleic leis na constaicí foghlama. Áirítear leis na ceisteanna a bhféadfadh tabhairt fúthu ná tinreamh daltaí, dea-iompar agus disciplín daltaí a chur chun cinn; dul i ngleic le maistíneacht; tacú le daltaí a bhfuil sainriachtanais foghlama acu nó ag déileáil le constaicí foghlama, ar nós cúlra socheacnamaíoch, cúinsí an teaghlaigh nó fáthanna mothúchánacha; riachtanais daltaí as tíortha eile, as an lucht taistil nó Romacha a shásamh; tacú le sláinte agus folláine mhothúchánach daltaí; agus socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí.

- **Soláthar an eispéiris teagaisc agus foghlama d'ardchaighdeán agus na caighdeáin a bhaineann na daltaí amach dá bharr.** Is féidir go n-áireofar leis seo an soláthar curaclaim agus seach-churaclaim, polasaí obair bhaile, soláthar teagaisc, an réimse d'eispéireas oideachasúil a dhéantar a sholáthar le riachtanais daltaí a shásamh, agus an dul chun cinn atá déanta ag daltaí.

- **Socruithe agus soláthar le forbairt ghairmiúil, le tinreamh, le sláinte agus le folláine na foirne a chur chun cinn.** Léiríonn sé seo polasaithe tosaíochta ESAGS ar theagasc d'ardchaighdeán agus ar fhoghlaim agus ar cheannaireacht éifeachtach. Ba chóir go mbeadh naisc shoiléire le socruithe na scoile le haghaidh Athbhreithniú ar Fheidhmíocht agus Forbairt Foirne (TNC 2007/02), deiseanna chun Am Pleanála, Ullmhúcháin agus Measúnachta (PPA) a sholáthar d'oidí (TNC 2009/08), an Nós Imeachta ar Thinreamh Oidí ar aontaíodh air (TNC 2008/2) agus an úsáid atá beartaithe do laethanta Baker agus Laethanta Forbartha Scoile (SDDanna) (Ciorclán 2008/02). Is féidir go mbeadh réimsí atá sainithe le haghaidh tacaíocht sheachtrach i gceist leis seo.

- **Naisc le tuismitheoirí na ndaltaí sa scoil agus leis an phobal áitiúil, lena n-áirítear an pobal gnó, scoileanna eile agus gníomhaíochtaí deonacha agus reachtúla.** Léiríonn sé seo an tosaíocht polasaí atá leagtha amach san

ESAGS, an straitéis athbhreithnithe litearthachta agus uimhearthachta, soláthar oideachais iarbhunscoile sa todhchaí agus an Bealach Chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú. Is féidir go mbeidh socruithe comhoibritheacha ann, mar shampla, le scoileanna eile chun an Chreat Teidhlíochta a sheachadadh; socruithe comhoibritheacha le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; cláir Scoileanna Sínithe agus Lán-Seirbhíse; forbairt naisc leis an phobal trí ligean dóibh foirgneamh na scoile a úsáid; naisc le gnó-oideachas; agus naisc le comhlachtaí ar nós seirbhísí sláinte agus sóisialta, an tseirbhís leabharlainne poiblí agus Comhpháirtíochtaí um Athghiniúint Chomharsanachtaí.

- Beidh sé de dhualgas ar Ghobharnóirí an dóigh a léiriú ar ghlac siad san áireamh na tuairimí a tugadh le linn a gcomhairliúcháin le daltaí, le tuismitheoirí, leis an fhoireann agus le heagraíochtaí eile ábhartha agus an plean á ullmhú acu.

- Beidh dualgas ar scoileanna níos mó ná na hacmhainní airgeadais, foirne agus eile (m.sh cóiríocht, áiseanna, ábhair) a shainiú níos soiléire atá le húsáid le tacú leis na torthaí, spriocanna agus gníomhaíochtaí atá beartaithe acu le caighdeáin a ardú. Áirítear leis seo acmhainní atá ar fáil don scoil mar thoradh ar shocruithe comhoibritheacha ar bith atá aici le soláthróirí eile.

Ceisteanna le haghaidh Comhairliúcháin

1. An aontaíonn tú go bhfuil na socruithe leis na SDPanna a fhoilsiú, atá le leasú le bunú an ESA a léiriú nuair a cheadaítear an Bille Oideachais ag an Tionól, an aontaíonn tú go bhfuil siad oiriúnach?

Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

Tuairimí

2. Tá sé de dhualgas ar Ghobharnóirí go fóill athbhreithniú a dhéanamh ar an SDP i ndiaidh 3 bliana nó, i ndiaidh cigireacht scoile, nach moille ná 6 mhí i ndiaidh fhoilseachán na tuarascála. An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh sé de dhualgas ar Bhoird Ghobharnóirí athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach bliain agus an SDP a nuashonrú mar is cuí?

Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

Tuairimí

3. Leagann Sceideal na Rialachán na ceisteanna amach ar chóir tabhairt fúthu i bpleanáil le haghaidh forbairt scoile.

   An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh na ceisteanna seo a leanas sa Sceideal i dtólamh?

   i) Éiteas na scoile.

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   ii) Straitéis na scoile ar fhoghlaim, ar theagasc, ar mheasúnacht, agus ar chaighdeáin ghnóthachtála a ardú, go háirithe i gcúrsaí cumarsáide (litearthacht), trí mhata (uimhearthacht) agus TCF a úsáid.

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   iii) Straitéis na scoile le sláinte agus folláine, tinreamh, dea-iompar agus disciplín daltaí a chur chun cinn.

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   iv) Measúnacht ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an scoil.

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   v) Sainiú na réimsí ina bhféadfaí forbairt a dhéanamh, ina measc:

      a) príomhspriocanna na scoile do thréimhse an phlean, bunaithe ar thosaíochtaí na Roinne le haghaidh oideachais, in ord tosaíochta;

      b) torthaí beartaithe, lena n-áirítear torthaí beartaithe san fhoghlaim, sa teagasc agus i gcaighdeáin ghnóthachtála a ardú inar gá, i gcás na scoileanna seachas naíolanna, spriocanna a chur san áireamh le caighdeáin ghnóthachtála a ardú i gcúrsaí cumarsáide agus in úsáid an mhata;

c) na gníomhaíochtaí ar chóir tabhairt fúthu leis na spriocanna atá luaite ag (b) a bhaint amach agus na dátaí deiridh leis na spriocanna a chur i gcrích;

d) na hacmhainní airgeadais agus eile atá ar fáil don scoil atá le húsáid le tacú leis na gníomhaíochtaí atá sainaitheanta ag (c) leis na torthaí atá sainaitheanta ag (b) a bhaint amach; agus

Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

vi) Na socruithe don Bhoird Ghobharnóirí, i gcomhairle leis an phríomhoide, le monatóireacht, le hathbhreithniú agus le measúnachta a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an phlean le haghaidh forbairt na scoile.

Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

Tuairimí

4. An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh na ceisteanna seo a leanas sa Sceideal i dtólamh?

   - Straitéis na scoile le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí theagasc agus fhoghlaim na scoile, trí cheannaireacht agus trí bhainistíocht agus trí chomhpháirtíocht lena pobal.

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   - Straitéis na scoile le tinreamh a bhainistiú agus le sláinte agus folláine na foirne a chur chun cinn.

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   - Straitéis na scoile le foghlaim agus teagasc, le forbairt ghairmiúil leanúnach agus ceannaireacht agus bainistíocht scoile a mhéadú tríd úsáid éifeachtach Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).

   Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

   - Measúnacht, lena n-áirítear trí úsáid na feidhmíochta agus sonraí eile, ar:

     a) nádúr, caighdeán agus éifeachtacht na ngéithe seo a leanas den scoil:

        i) soláthar le tabhairt faoi riachtanais oideachasúla, mhothúchánacha, shóisialta, nó riachtanais eile aonair daltaí;

        ii) soláthar d'eispéiris teagaisc agus foghlama d'ardchaighdeán agus na caigheáin a bhaineann na daltaí amach mar thoradh orthu, lena n-áirítear, i gcás scoileanna nach naíolanna iad, caighdeáin ghnóthachtála i gcúrsaí cumarsáide agus trí mhata a úsáid;

        iii) socruithe agus soláthar le forbairt ghairmiúil, le tinreamh, le sláinte agus le folláine na foirne a chur chun cinn;

        iv) naisc le tuismitheoirí oidí sa scoil agus sa phobal áitiúil, lena n-áirítear an pobal gnó, scoileanna eile agus grúpaí deonacha agus reachtúla.

b) Stádas reatha airgeadais na scoile.

c) Éifeachtacht na húsáide a bhaineann an scoil as a cuid acmhainní airgeadais agus an úsáid atá beartaithe dá acmhainní fortheilgthe mar thacú le gníomhaíochtaí le feabhas a chur ar chaighdeáin.

d) An méid ar éirigh leis an scoil a príomhspriocanna a bhaint amach, nó an dul chun cinn atá déanta maidir leis na príomhspriocanna seo i bplean ar bith le haghaidh forbairt scoile a sháraíonn plean le haghaidh forbairt scoile nó a ndéanann sé athbhreithniú air.

Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

- Na socruithe atá déanta ag an Bhord Gobharnóirí le dul i gcomhairle leis na daltaí, na tuismitheoirí, an fhoireann agus daoine eile nó comhlachtaí agus lena gcuid tuairimí a ghlacadh san áireamh agus an plean seo á ullmhú.

Aontaím ☐ Ní Aontaím ☐ Níl mé cinnte ☐ Níl tuairim agam ☐

Tuairimí

5. An bhfuil ceisteanna ar bith eile ar chóir amharc orthu i bplean le haghaidh forbairt scoile?

Tuairim

Ceisteanna Cothromaíochta

I ndiaidh amharc ar thionchar na rialachán molta maidir le grúpaí Rannán 75 agus an tAcht um Chearta an Duine socraíodh nach mbeadh gá le Measúnacht Tionchair Chomhionannais iomlán. Tá cóip den fhoirm scagthástála ar fáil ó láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais ag:www.deni.gov.uk. Má tá tuairimí ar bith agat maidir leis an chinneadh seo, luaigh thíos iad le do thoil: